

Coláiste Íde

Meanscoil Chónaithe Lán Ghaelach do Chailíní

Coláiste Íde

Meanscoil Chónaithe Lán Ghaelach do Chailíní

Coláiste Íde, Baile an Ghoilín, An Daingean, Co. Chiarraí, Éire.
Teileafón: 066 9151211 | Ríomhphost: info@colaisteide.com
www.colaisteide.com

TORTHAÍ IONTACHA ACADÚLA - RÉIMSE LEATHAN ÁBHAR - CLÁR IOMLÁN BREIS-CHURACLAIM - CLÁR IDIRBHLIANA 5Ú BLIAIN

Clár

Réamhrá 4
Ráiteas Misin 4
Bunluachanna agus Prionsabail Threoracha 4
Stair 5
Doiciméid Polsaithe 5
Iontráil go Coláiste Íde 5
Daltaí Lae 6
Scoláirí Chónaithe 6
Oideachas 6
Ábhair 7
Tacaíocht Foghlama 7
Múinteoir Ranga 7
Treoir agus Comhairleoireacht 7
Tinreamh Scoile 8
Dialanna Obair Bhaile & Liostaí Leabhar 8
Tuairiscí Scoile 9
Éide Scoile 9
Ag socrú isteach i gColáiste Íde 9
Cinnirí 9
Anam Chara 10
Ról an Fhoireann Chónaithe 10
Stiúrthóirí an Tí 10
Altra an Choláiste agus Cúnamh Leighis 11
Otharlann 11
Lónadóireacht agus Glantóireacht 11
Cothabháil 12
Staidéar Maoirsithe 12
Ceol agus na hEalaíona 13
Gníomhaíochtaí Breischuraclaim 13
Clár Idirbhliana na 5ú bliana 14
Gnáth-lá seachtaine i gColáiste Íde 16
Gnáth-dheireadh seachtaine i gColáiste Íde 17
Seomraí Caidrimh 17
Airgead Póca 19
Seirbhís Níocháin 19
Gutháin phóca 19
Íocaíocht Táillí 19
Deontas Cónaitheach do Cheantair Iargúlta 19
Rollú & Teagmháil 20

Réamhrá

Sí aidhm an lámhleabhair seo ná eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí faoi eagraíocht agus éiteas Choláiste Íde agus cheart go mbeadh sé ina ábhar tagartha duit féin agus d'iníon le linn a tréimhse mar scoláire i gColáiste Íde. Tabharfar an t-eolas is déanaí cothrom le dáta nuair agus mar is gá agus beidh na nuashonraithe sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.colaisteide.com

Ráiteas Misin

Ardchaighdeán Oideachais a sholáthar a chuirfidh béim ar fhorbairt an duine ina iomláine: forbairt spioradálta, mhorálta, intleachtúil, shóisialta, mhothaitheach agus fhisiciúil. Aigne ghníomhach, chruthaitheach a fhorbairt i ngach dalta i dtreo go mbeidh comhbhá agus tuiscint acu do dhaoine eile agus misneach acu seasamh lena gcreideann siad chun a n-áit a thógaint sa tsochaí le mórtas agus muinín.

Bunluachanna agus Prionsabail Threoracha

Is iad na bunluachanna agus prionsabail threoracha seo a leanas a sholáthraíonn creatlach ar a dtógfar spriocanna agus straitéisí Chairde Choláiste Íde Teoranta.

1. Leas: Dearbhaíonn Cairde Choláiste Íde go mbeidh leas agus folláine na ngeallsealbhóirí go léir i gcroílár obair an Choláiste.

2. Féiniúlacht Chríostaí: Comhtháthaíonn Cairde Choláiste Íde luachanna Caitliceacha agus déanann siad feabhsú ar an traidisiún Críostaí i ngach gné de shaol an Choláiste.

3. Ag forbairt na Gaeilge agus pobal na Gaeilge Labhartha: Tá forbairt na Gaeilge agus phobal na Gaeilge Labhartha i gcroílár obair Chairde Choláiste Íde.

4. Ionchuimsitheacht: Cuireann Cairde Choláiste Íde ionchuimsitheacht agus páirtíocht chun cinn i ngach gné de ghníomhaíochtaí an choláiste.

5. Foghlaim Leanúnach agus Forbairt Phearsanta: Creideann Cairde Choláiste Íde sa tábhacht a bhaineann le foghlaim leanúnach agus forbairt phearsanta do gach uile geallsealbhóir.

6. Caighdeáin Arda: Spreagann Cairde Choláiste Íde ardchaighdeáin trí oideachas iomlánaíoch trí Ghaeilge a chur ar fáil agus tá siad tiomanta do chaighdeáin arda a bheith ina gcuid gníomhaíochtaí féin freisin.

7. Meas agus Muinín: Cothaíonn Cairde Choláiste Íde meas agus muinín an uile gheallsealbhóir i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an oideachais Chaitliceach trí Ghaeilge.

8. Solúbthacht: Cinntíonn Cairde Choláiste Íde solúbthacht ina gcur chuige i bhfreastal ar riachtannais earnáil oideachais na Gaeilge, a athraíonn, agus ar shochaí an lae inniu.

9. Achmhainní: Baineann Cairde Choláiste Íde úsáid éifeachtach as achmhainní airgeadais agus daonna na heagraíochta chun leasa gach geallsealbhóra.

Stair

Saolaíodh an chéad Tiarna Fhionn Trá, Thomas Mullins, i 1736. Déanadh Bairnéad de i 1797 agus déanach Bairnéad Fhionn Trá Bhurnham de ar an 29 lúil 1800. Phós sé Elizabeth Gunn, iníon Spairtíneach Gunn i 1755 agus bhí beirt mhac orthu -William agus Townsend agus aon iníon amháin Theodora. Cailleadh Thomas ar an 9 Eanáir, 1824 i dTig Bhurnham ag aois a 88. Tógadh Tig Bhurnham ar dtús, timpeall na bliana 1750 agus tógadh eitigh bhreise ar gach taobh timpeall na bliana 1874. Díoladh ceanncheathrú Bhairnéid Fhionn Trá, tar éis na bliana 1922 le Coimisiún na Talún. Thug Siúracha na Trócaire an foirgneamh, a bhí ina scoil ullmhúcháin agus scoil chónaithe go dtí 1996 an foirgneamh agus an t-eastát, ar a raibh breis agus 100 acra, ar láimh do Chairde Choláiste Íde Teo in 2014, comhlucht a bunaíodh sna luath 1990idí le todhchaí na scoile agus an gnó a ghabhann leis a chinntiú ar mhaithe leis an gceantar. Scoil Chónaithe lán-Ghaelach do chailíní is ea Coláiste Íde mar aon le campaí samhraidh do dhéagóirí a bheith ar fáil ann, agus meallann an tig mórán turasóirí, go mór mhór toisc gurb é an t-aon fhoirgneamh dá leithéid agus dá aois ar Leithinis Chorca Dhuibhne é agus toisc go bhfuil clocha Oghaim ar aghaidh an tí, agus radharcanna aoibhne den Daingean ar chúl an tí.

Doiciméid Polsaithe

Tá ár gcuid doiciméid polsaithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin
www.colaisteide.com

Iontráil go Coláiste Íde

Tá an bróisiúr seo, mar aon leis an eolas ar ár suíomh gréasáin www.colaisteide.com deartha chun an méid eolais agus is féidir a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil suim acu teacht anseo agus dá dtuismitheoirí. Sí an tslí is fearr chun blaise a fháil de Choláiste Íde, ná teacht ar cuairt chugainn agus bualadh leis na daltaí agus an fhoireann. Bíonn dhá lá oscailte anseo i dtús Dheireadh Fómhair agus ceann ina dhiaidh i dtús an Mhárta ach tá fáilte roimh dhaltaí go bhfuil suim acu sa choláiste teacht ar cuairt aon am ach coinne a dhéanamh. Le linn an phróiseas iontrála, líontar foirm iarratais, atá ar ár suíomh gréasáin agus tionnóltar agallamh neamhfhoirmeálta, a thugann deis mhaith do theaghlaigh plé a dhéanamh ar na riachtanais atá ag an scoláire ar spéis léi teacht chuig an choláiste agus bíonn deis breis eolais a fháil freisin. I ndiaidh an phróiseas seo, seoltar litir tairisceana in éineacht le sprioc-am le glacadh leis an tairiscint. Bíonn ár n-Oifig Iontrála, mar aon leis an bhfoireann, sásta i gcónaí, labhairt leat faoi d'iontrálacha agus tabharfar breis eolais duit más gá. Is féidir teacht ar ár n-Oifig Iontrála ar **+353 66 9151211** nó **info@colaisteide.com.**

Daltaí Lae

Cláraíonn daltaí lae ag an bhfáiltiú roimh 8:30a.m. agus síníonn siad amach nuair a fhágann siad an scoil. Is féidir le daltaí lae freastal ar an dá sheisiún staidéir, a ndéantar féitheoireacht orthu, agus moltar, más féidir go bhfanfadh scoláirí lae do cheann, nó dhá cheann, más féidir, toisc go ndéantar féitheoireacht ar an staidéar. Is féidir le scoláirí lae freastal freisin ar na cláir éagsúla caitheamh aimsire agus na gníomhaíochtaí agus tá fáilte rompu freastal i rith an deireadh seachtaine chun a bheith páirteach i dturasanna grúpaí agus imeachtaí.

Scoláirí Chónaithe

Tá áiseanna cónaithe seacht lá na seachtaine ar fáil i gColáiste Íde; sí ár n-aidhm ná timpeallacht cosúil lena mbaile a chur ar fáil do scoláirí le béim ar leith ar thimpeallacht shábháilte, shuaimhneach a chur ar fáil a ligeann do scoláirí taitneamh a bhaint as a gcuid ama féin tar éis lá scoile i dtimpeallacht struchtúrtha atá sabháilte. Is scoláirí cónaithe lánaimseartha iad 95% d'ár scoláirí agus freastlaímid ar scoláirí lae freisin, a théann abhaile go dtí a dteaghlaigh tráthnóna tar éis scoile nó staidéar ar a ndéantar féitheoireacht. Cuid lárnach den Choláiste is ea an freastal lánaimseartha a chruthaíonn spiorad cairdis, pobail agus neamhspleáchais i measc na scoláirí. Déantar féitheoireacht iomlán i gColáiste Íde i gcónaí, agus bíonn na múinteoirí ag soláthar féitheoireachta agus teagaisc i rith an lá scoile. Déanann foireann tiomnaithe féitheoirí agus Déin ón Scoil Chónaithe féitheoireacht sna tráthnóintí, san oíche agus i rith an deireadh seachtaine.

Oideachas

Scoil Chónaithe Lán-Ghaeilge seacht lá na seachtaine do chailíní is ea Coláiste Íde atá suite ar Leithinis Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí. Tá spás sa choláiste do 130 scoláire, agus cuireann Coláiste Íde oideachas trí Ghaeilge ar fáil. Tá cáil ar Choláiste Íde toisc an sármhaitheas oideachais atá ar fáil ann agus bíonn an Coláiste de shíor ar cheann de na scoileanna is airde ó thaobh marcanna Ardteistiméireachta i gCúige Mumhan agus sa tír ar fad, go deimhin. Tá béim láidir ar fhorbairt oideachais agus forbairt phearsanta agus cinntíonn

Coláiste Íde go mbaineann gach scoláire barr a maitheasa amach i dtimpeallacht a chothaíonn féinmhuinín, neamhspleáchas agus féinmheas. Scoil bheag is ea Coláiste Íde a chuireann caighdeán an-ard iar-bhunscoile ar fáil do scoláirí. Cinntíonn múinteoirí agus foireann oibre tiomanta, mar aon le staidéar laethúil ar a ndéantar féitheoireacht, agus scileanna staidéir, torthaí arda, leanúnacha, acadúla ag baint amach pointí i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta. Fágann scoláirí Coláiste Íde agus iad muiníneach, ábalta agus oideachas iontach orthu, agus iad maith ábalta don oideachas tríú leibhéal agus ullamh dá n-áit sa sochaí.

Ábhair

Tá curaclam leathan ar fáil sa Choláiste d'ardleibhéal agus meánleibhéal don teastas sóisearach agus don ardteistiméireacht. Is féidir freastal ar bhreis ábhair sa churaclam ar bhonn príobháideach, más gá.

Ábhair don Sraith Shóisearach do scoláirí ó bhliain a 1 go dtí 3;

Tógann scoláirí gach ábhar sa chéad bhliain.

Ábhair Scrúduithe Stáit is ea na hábhair a leanas:
Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Stair, Tíreolas, Fraincis, Eacnamaíocht Bhaile, Eolaíocht, Ealaín, Staidéar Gnó agus Ceol.

I measc na n-ábhar nach bhfuil scrúduithe i gceist leo, tá Reiligiún, oideachas sóisialta agus sláinte phearsanta, oideachas fisiciúil, agus oideachas saoránach sóisialta polaitiúil.

Roghnaíonn scoláirí idir Gnó, Ealaín agus Ceol ón dara bliain ar aghaidh.
Tabhair faoi deara go bhféadfadh athrú teacht ar roghanna ábhar.

Ábhair don Sraith Shóisearach don 5ú agus 6ú bliain;

Seo a leanas croí-ábhair scrúduithe: Gaeilge, Béarla, Matamaitic agus Fraincis

Caithfear ábhar amháin a roghnú astu seo a leanas:
1. Ceimic/Tíreolas/Eacnamaíocht Bhaile
2. Gnó/Ealaín/Stair/Fisic
3. Bitheolaíocht/Ceol

I measc na n-ábhar nach bhfuil scrúduithe i gceist leo, tá Reiligiún, oideachas fisiciúil agus gairmthreoir.
Tabhair faoi deara go bhféadfadh athrú teacht ar roghanna ábhar.

Tacaíocht Foghlama

Tá Roinn Tacaíocht Foghlama ag Coláiste Íde atá tiomnaithe d'oideachas cuimsitheach agus teacht a bheith ag gach scoláire, is cuma cén ábaltacht, ar an oideachas. Sí aidhm an Choláiste ná tacaíocht a chur ar fáil do gach scoláire chun barr a maitheasa a bhaint amach. Sé an pobal beag scoile an bhunchloch atá ag caidreamh maith agus tuiscint ar mhianta ár scoláirí. Má tá aon cheist agat faoi Thacaíocht Foghlama anseo i gColáiste Íde, is féidir teagmháil a dhéanamh linn bheimis an-sásta cloisteáil uait.

Múinteoir Ranga

Tá Múinteoir Ranga ag gach rang sa scoil. Labhraíonn an Múinteoir Ranga leis na scoláirí faoi éiteas na scoile, an cód iompair agus an polasaí Gaeilge. Cabhraíonn siad le atmaisféar ranga dearfach a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Treoir agus Comhairleoireacht

San áireamh sa chlár Treorach tá triail mianaigh, aithint suime, agus rogha ábhar don Sraith Shóisearach. Déantar dianscrúdú ar ghairmeacha beatha

agus postanna; tugann proifisiúnaigh cainteanna ar ghairmeacha agus freastlaítear ar laethanta oscailte na nInstitiúidí Tríú Leibhéal. Buailfidh gach scoláire a thagann chuig an gcoláiste leis an gComhairleoir Gairmthreorach, atá páirteach i bhfoireann a oibríonn go dlúth leis an bPríomhoide, Bainisteoir agus oibrithe riachtanacha, más gá. Bíonn an fhoireann Thréadach i mbun cainte leis an bhfoireann múinteoireachta. Beidh comhairleoireacht ar fáil do scoláirí a bhféadfadh strus a bheith orthu nó do scoláirí a bhfuil deacrachtaí acu ina saol pearsanta nó sa timpeallacht scoile.

Tinreamh Scoile

Bímid ag súil le tinreamh scoile iontach ó Luan go hAoine idir 8:45am agus 4:00i.n. Má tá scoláire as láthair, caithfear nóta a fháil ó thuismitheoir/caomhnóir. Má chaitheann scoláire an scoil a fhágáil luath, caithfidh cead scríofa a bheith faighte ó thuismitheoir/caomhnóir.
Ar fhilleadh ar an gColáiste, cur in iúl don oifig/féitheoir láithreach é agus sínigh isteach. Tá an Polasaí Tinrimh ar fáil ar shuíomh gréasáin an choláiste: **www.colaisteide.com.**

Dialanna Obair Bhaile & Liostaí Leabhar

Cuirtear dialanna obair bhaile ar fáil do gach scoláire le linn laethanta tosaigh na scoilbhliana nua. Cheart do scoláirí a chinntiú go bhfuil na dialanna cothrom le dáta i gcónaí. Déanann an Fhoireann Mhúinteoireachta agus an Príomhoide cigireacht thréimsiúil ar na dialanna. Is féidir Liostaí Leabhar do scoláirí leantacha agus do scoláirí nua a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin **www.colaisteide.com**



Tuairiscí Scoile

Cuirtear tuairiscí ar dhul chun cinn na scoláirí ag deireadh théarma na Nollag agus an tSamhraidh. Tá tuairiscí eatramhacha ar fáil chomh maith i rith na bliana más mian le tuismitheoir a leithéid a lorg. Cuirfear áis chun measúnú ar na tuairiscí ar líne ar fáil amach anseo cuirfear na sonraí rochtain ar fáil nuair a bheidh an córas ar line ullamh.

Éide Scoile

I rith am scoile

- Geansaí Cíorach Corcra
- Sciorta scoile corcra chuig an ghlúin le fáithim néata agus líneáil néata
- Treabhsar scoile dúghorm
- Blús scoile líolóige
- Riteoga Dubha
- Bróga dubha láidre/leathair oiriúnacha le sáil íseal agus iallacha dubha (níl bróga spóirt, bróga canbháis agus pumpaí ceadaithe le linn scoile)
- Ná caith smidiú
- Seodra simplí amháin atá ceadaithe - uaireadóir, fáinne simplí, péire stodaí nó fáinní codlata, (má tá na cluasa pollta)
- Stíl gruaige oiriúnach don seomra ranga/cuspóirí staidéir
- Dath nádúrtha/gnáth-dhath gruaige amháin a ceadaítear
- Níl cead smidiú, donnú bréige agus dath ionga
- Ceadaítear seodra: uaireadóir, fáinne simplí
- Tá cead péire fáinní cluasa beaga ar an maothán cluaise

Tar éis scoile

- Bríste spóirt dúghorm
- Geansaí cíorach cochallach dúghorm
- Léine polo liath
- Gnáth-bhróga

Is féidir éide scoile agus spóirt a cheannach ó Shiopa Mhic Gineá ar Shráid Mhór an Daingin. Uimhir ghutháin 0669151198

Ag socrú isteach i gColáiste Íde

Athrú suntasach i saol gach scoláire is ea an t-athrú ón mbunscoil go dtí an meánscoil. Cuirimid an-bhéim i gColáiste Íde ar thacaíocht a chur ar fáil d'ár scoláirí nua go léir agus tá beartais i bhfeidhm againn atá úsáideach, dar linn, thar na mblianta, do scoláirí nua i rith na seachtainí tosaigh. Cuirtear béim mhór ar chaidreamh ranga. Baintear seo amach trí obair ghrúpa rialta agus spraoi agus coimeádtar súil i gcónaí ar scoláirí le cinntiú go bhfuil siad ag meascadh lena rang agus go bhfuil siad rannpháirteach sna gníomhaíochtaí uile.

Cinnirí

Scoláirí 6ú bliana is ea na cinnirí a thoghann pobal an Choláiste go daonlathach gach bliain. De ghnáth, cinnire nó dhó a dhéanann cúram do gach rang. Tionnóltar cruinnithe ranga go seachtainiúil, rud a ligeann do scoláirí aonair agus an rang mar ghrúpa, plé oscailte a bheith acu faoi gach ní atá ag dó na geirbe acu. Cuireann cinnirí a lán tacaíochta ar fáil do scoláirí nua, mar go dtuigeann siad, tar éis dul tríd an gcóras, cad is brí leis an tréimhse ina socraítear síos agus bíonn siad i gcónaí ar fáil chun cabhrú le daltaí agus chun tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh.

Anam Chara

Scoláirí dara bliana is ea na hAnam Chairde, agus bíonn cara díobh ag gach scoláire céad bliana nua. Bíonn an t-anam chara ag feitheamh agus iad ar bís le bualadh leis an scoláire nua ar an gcéad lá dá saol nua i gColáiste Íde agus is mar sin a bhíonn ón am sin ar aghaidh go dtí nach bhfuil siad ag teastáil níos mó. Tá anam chara ann le cinntiú go bhfuil na scoláirí nua compórdach agus sásta, agus go bhfuil a fhios acu cá bhfuil gach seomra agus cén áit is gá dóibh dul agus cé leis. Labhraíonn na hAnam Chairde leis na daoine fásta go minic más dóigh leo go bhfuil breis cabhrach de dhíth.

Ról an Fhoireann Chónaithe

Tá an Bhainistíocht, Riarthóirí, Cuntasóirí, Déin, Féitheoirí, Lónadóirí, Glantóirí, Oibrithe Cothaithe agus Giollaí Faiche ar fad páirteach sa bhFoireann Chónaithe. Tá an fhoireann chónaithe ar fad freagrach chuig an mBainisteoir. Tá 33 ball foirne fostaithe sa scoil chónaithe, mórán acu atá ag obair i gColáiste Íde le roinnt blianta agus is iar-scoláirí cuid acu sin.

Stiúrthóirí an Tí

Tá ról lárnach ag ár Stiúrthóirí Tí agus Féitheoirí a bhíonn ar dualgas gach tráthnóna, thar oíche agus i rith an deireadh seachtaine i bhféitheoireacht a dhéanamh ar scoláirí agus tacú leo, mar aon le cabhrú lenár scoláirí nua socrú síos, a bheith compórdach, agus cairde a dhéanamh.

Cuirtear béim mhór ar obair ghrúpa agus ar spraoi don gcéad chúpla seachtain. Cuireann seo go léir deiseanna ar fáil do na hiontrálaithe nua aithne a chur ar a chéile go tapaidh. Cinntíonn féitheoireacht rialta agus leanúnach go mbraitheann scoláirí compordach agus sábháilte ina dtimpeallacht nua. Tá beirt Stiúrthóirí Tí Chónaithe i gColáiste Íde, agus mórán blianta caite ag an mbeirt acu ag obair leis an bhfoireann féitheoireachta.

Sé ról na Stiúrthóirí ná a chinntiú go bhfreastlaítear ar riachtanais gach scoláire i gcónaí. Baineann an fhoireann iomlán; féitheoirí, lónadóirí, glantóirí

agus an fhoireann leighis amach é seo le chéile. Labhraíonn na Stiúrthóirí le scoláirí agus tuismitheoirí lasmuigh d'uaireanta scoile agus is féidir le tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leo go díreach. Tá féitheoirí ar fáil i gcónaí chun taisteal le scoláirí chuig gníomhaíochtaí caitheamh aimsire. Tá Stiúrthóirí agus Féitheoirí ar fáil chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do scoláirí más gá. Bíonn seo riachtanach i gcás scoláirí nua agus iad ag socrú síos, cé nach dtógann sin ach cúpla seachtain ar a mhéid, de ghnáth. Bíonn idir 3 agus 4 glaoch rolla ag na Stiúrthóirí agus na Féitheoirí i rith an tráthnóna/na hoíche. Tá sé riachtanach go bhfreastlaíonn gach scoláire ar an nglaoch rolla go tapaidh.

Altra an Choláiste agus Cúnamh Leighis

Bíonn seomra an bhanaltra oscailte gach maidin idir 8:00-08.30 agus arís idir 20.00-22.00 i rith na seachtaine agus idir 10.00-10.30 agus 20.00-20.30 i rith an deireadh seachtaine. Baineann an coláiste úsáid as seirbhísí Ionad Leighis an Daingin agus Clinic Cois Abhainn mar aon le Southdoc chomh maith. Is féidir scoláirí a thabhairt chuig Ospidéal Ginearálta Thrá Lí nó go dtí Ospidéal an Bons Secour i dTrá Lí más gá. Ní sé ceadmhach do scoláirí leigheas a choimeád iad féin ar chúinsí sabháilteachta agus iarrtar orthu é a

thabhairt ar lámh agus tabharfa amach é mar is gá. Mar aon leis an gcúnamh leighis, oibríonn an t-altra go dlúth leis an mBainisteoir agus leis an bhfoireann oibre cuí chun cóir leighis a chur ar fáil do scoláirí. Bíonn an t-altra sásta aon bhuairt a phlé i gcónaí le tuismitheoirí. Tá sé tábhachtach go gcuireann tuismitheoirí an t-eolas leighis is déanaí ar fáil gach bliain ar an bhfoirm leighis agus go gcuireann siad in iúl don bhfoireann leighis é má athraíonn riachtanais leighis aon scoláire.

Otharlann

Tá otharlann ar an urlár talún a cheadaíonn féitheoireacht cheart agus rialta i rith an lá scoile. Bogann scoláirí isteach san otharlann ar maidin go dtí am codlata. Tá an otharlann cóngarach don seomra bia chun a chinntiú gur féidir le scoláirí freastal ar bhéilte agus smeacháin bia agus deochanna teo a ól nuair is gá. Cé nach n-úsáidtear gutháin phóca de ghnáth san otharlann, le cinntiú go mbeidh codladh ceart ag scoláirí eile a d'fhéadfadh a bheith i láthair, is féidir le scoláirí teagmháil rialta a bheith acu lena dtuismitheoirí i gcónaí le linn a dtréimhse san otharlann agus moltar do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an oifig le tuairisc a n-iníne a chur.

Lónadóireacht agus Glantóireacht

Réitítear gach béile inár gcistin, ag baint úsáid as na comhábhair is fearr, agus ar an gcaighdeán is airde agus is bia áitiúil a bhíonn ann i gcónaí, más féidir. Bíonn gach uile béile slantúil agus folláin agus téitear i ngleic le riachtanais cothaithe, le hailléirgí agus le héadulaingthe. Cheart riachtanais cothaithe agus ailléirgí a dheimhniú trí scríobh go dtí an Oifig Iontrála roimh thús na scoilbhliana. Tá an Bainsiteoir Lónadóireachta ar fáil chun bualadh le tuismitheoirí scoláirí a bhfuil riachtanais cothaithe acu. Cinntíonn an fhoireann ghlantacháin go bhfuil an coláiste glan i gcónaí ach

sé ról an scoláire a chinntiú go bhfuil a spás pearsanta féin glan, néata agus coimeádta go deas. Ní i gColáiste Íde amháin atá an béas seo tábhachtach, ach sa saol i gcoitinne.

Cothabháil

Má tá fadhbanna nó bristeacha nó glais ar gá cinn eile a chur ina n-áit, cheart sin a thuairisciú leis na Féitheoirí/Déin nó leis an oifig láithreach. Freastlóidh an fhoireann cothbhála ar seo a luaithe agus is féidir. Tá eochracha breise ar fáil ón oifig agus níl costas breise orthu. Caithfidh an scoláire atá ag fanacht sa seomra atá i gceist na heochracha a éileamh agus a bhailiú.

Staidéar Maoirsithe

Freastlaíonn gach scoláire ar staidéar a ndéantar féitheoireacht air ó Luan go hAoine idir 17.25 – 19.00 & 19.30 – 21.00. Bíonn féitheoireacht ar a ndéantar staidéar ar siúl freisin Dé Sathrain agus Dé Domhnaigh idir 11.00 – 13.00 agus óna 18.00 – 19.00 agus 19.30 *- 21.00. I dtús ama, tréimhsí níos giorra staidéir a bhíonn ag an gCéad Bhliain fad a bhíonn siad ag socrú isteach san obair scoile. Tosnaíonn an Chéad Bhliain ag staidéar ina seomra ranga le cabhair ón bhfoireann mhúinteoireachta, agus bogann siad isteach sa phríomh-halla staidéir a luaithe is atá na scileanna staidéir agus bainistíocht ama cuí foghlamtha acu, a chinntíonn go gcaitheann siad a gcuid am staidéir sa tslí is fiúntaí. Níl costas breise ar Staidéar i gColáiste Íde.

Ceol agus na hEalaíona

Cuireann Coláiste Íde deiseanna ar fáil do scoláirí le bheith páirteach sna healaíona cruthaitheachta ar nós ceol, bailé, rince cruthaitheach, rince Gaelach agus Ealaín. Tá traidisiún fada i gColáiste Íde ó thaobh córchantain; Buaileann Cór Choláiste Íde gach Céadaoin san iarnóin le cleachtadh agus bíonn an cór le cloisteáil go minic i Séipéal Mhuire sa Daingean agus ag coirmeacha ceoil a tionnóltar i gColáiste Íde. Bíonn an chéad bhliain páirteach i ndráma na Nollag a tharlaíonn um Nollaig, traidisiún atá i saol Choláiste Íde leis na blianta.Tá ceol ar fáil mar ábhar curaclaim sa Teastas Sóisearach agus san Ardteist. Is féidir le scoláirí ar mian leo ranganna a thógaint in uirlisí ar leith, úsáid a bhaint as theagasc pearsanta i ndiaidh amanta ranga. Tá ranganna ar fáil i réimse uirlisí ar nós, pianó, giotár agus traenáil gutha. Múineann múinteoirí uirlisí réimse seánraí ó Cheol claisiceach go ceol Gaelach traidisiúnta. Spreagtar scoláirí chun scrúduithe a thógaint (Acadamh Ríoga na hÉireann) ina gcuid uirlisí i mí na Samhna nó sa Bhealtaine. Tá teagasc gutha, ranganna piano agus ranganna ceol claisiceach ar fáil ar bhonn príobháideach agus iad ag braith ar iad a bheith ar fáil agus ar éileamh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ BREISCHURACLAIM

Spórt

Tá ról lárnach ag spórt i saol scoláirí Choláiste Íde. Is féidir le scoláirí cispheil a imirt, atá ar ár bpríomh-spórt, ag leibhéal na scoile agus leibhéal an chlub. Tá rugbaí agus Peil Ghaelach againn freisin. Is féidir leis na scoláirí uile an príomh-bhealach isteach a úsáid chun dul ag siúl/rith agus siúlann bliain a 3, 5 & 6 an ciorcal 3 mhíle de ghnáth ón gColáiste agus ar ais.

West Kerry Fitness

Is féidir le gach scoláire os cionn 16 bliain, clárú le West Kerry Fitness chun úsáid a bhaint as a gcuid seirbhísí dhá uair sa tseachtain. Taistealaíonn scoláirí chuig agus ar ais ó West Kerry Fitness i mbus príobháideach in éineacht le féitheoir. Is féidir breis eolais faoi West Kerry Fitness a fháil tré https://wkfitness.ie/

Marcaíocht Capall

Tá teagasc príobháideach do thosaitheoirí agus do mharcaigh a bhfuil taithí acu ar fáil ó ionad Seaview Equestrian agus bíonn bealach taistil ar fáil chuig an ionad agus ar ais. Tá ceangal fada ag Coláiste Íde le hionad Seaview Equestrian agus dar linn go bhfuil na háiseanna ar ardchaighdeán agus go bhfuil béim mhór ar shábháilteacht. Eagraíonn Seaview Equestrian córas taistil do na scoláirí a ndéanann a bhfoireann féin féitheoireacht air. Freastlaíonn siad ar thosaitheoirí agus ar mharcaigh a bhfuil taithí acu. Tá breis eolais anseo: www.seaviewequestrian.com

Snámh

Bíonn snámh ar siúl sa Peninsula Spa in Óstán na Sceilige sa Daingean gach Máirt agus Déardaoin tar éis scoile. Taistealaíonn scoláirí chuig agus ón snámh ar bhus príobháideach agus déantar féitheoireacht orthu i gcónaí. Caithfidh scoláirí ar mian leo páirt a ghlacadh sa snámh, na héadaí cearta a thabhairt leo, mar aon le caipín snámh, agus is féidir iad seo a ní agus a thriomú sa neachtlann scoile.

Rince Cruthaitheach

Rince Cruthaitheach Bíonn ranganna príobháideacha sa rince cruthaitheach agus sa bhailé ar siúl sa halla gach Déardaoin tar éis scoile faoi choimirce An Acadaimh. Tá Máistreacht sa Rince agus san Oideachas rince ag an teagascóir Clarissa Michaux ó Ollscoil na hÉireann, Luimneach.

Rince Gaelach

Bíonn ranganna rince Gaelach ar siúl uair gach seachtain sa halla, ag brath ar éileamh. Is I Halla Muire sa Choláiste a tionóltar na ranganna rince ar fad.

Clár Idirbhliana na 5ú bliana

Cuireann Coláiste Íde clár idirbhliana iar-scoile ar fáil do dhaltaí 5ú bliana ar mian leo a n-idirbhliain a chaitheamh i gColáiste Íde. Freastlaíonn scoláirí ar ranganna idir 8.45 – 4.00 i.n. gach lá agus bíonn siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí laethúla agus i saol na scoile. I measc na ngníomhaíochtaí sin tá sport agus caitheamh aimsire ar nós Cispheil, Rugbaí, Snámh, Marcaíocht Capall, Ranganna Ríomhaireachta, Club Fraincise, Club Uimhearthachta Cór Choláiste Íde agus go leor eile. Mar aon leis seo, bíonn scoláirí 5ú bliana rannpháirteach i gcúrsaí speisialta a bhfuil sí mar aidhm acu cur lena scileanna agus a dtaithí agus a bheadh san áireamh in a lán cláir idirbhliana iarbhunscoile liostáilte thíos.

An Ghaeilge; Cabhróidh bliain i gColáiste Íde le scoláire ó thaobh na Gaeilge labhartha agus scríofa chun ullmhú don Scrúdú Ardteistiméireachta. Mar scoil Lán-Ghaeilge, sí an Ghaeilge teanga laethúil an Choláiste agus múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge. Cé go mbítear ag súil go

mbeidh caighdeán maith Gaeilge bhunúsach ag scoláirí sula dtosnaíonn siad sa 5ú bliain, déantar tumoideachas iomlán Gaeilge i gColáiste Íde, rud a chuireann feabhas mór ar scileanna teanga na scoláirí agus a thugann muinín dóibh An Ghaeilge a labhairt. Tá cúntóir Teangan ar fáil le breis tacaíochta a thabhairt más gá. Buaileann an Cúntóir Teanga le grúpaí agus le scoláirí ina n-aonar chun breis cabhair a sholágfdgddfthar.

Tábhacht na Gaeilge don Ardteistiméireacht; Is fiú 40% de na marcanna a tugtar sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht, an Bhéaltriail Ghaeilge. Gnóthaíonn scoláirí a dhéanann a scrúduithe Ardteistiméireachta trí Ghaeilge, suas le 10% de na marcanna iomlána a gnóthaítear as an scrúdú a shuí trí Ghaeilge. Tá breis eolais ar an suíomh education.ie

Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL); Tá Coláiste Íde cáilithe mar ionad traenála agus scrúduithe don ECDL – an caighdeán Eorpach aitheanta in inniúlacht ríomhairí. Cuirtear an cúrsa ar fáil chun deis a thabhairt do scoláirí an ECDL iomlán a chomhlíonadh nó modúil ar leith ón gclár.

Cúrsa Meáin; gearrchúrsa neamhfhoirmeálta a bhfuil sí mar aidhm aige blaiseadh a thabhairt do scoláirí ar an scannánaíocht agus ar dhéantúsaíocht scannán. Léireoidh scoláirí gearrscannán le téama ar leith i rith an chúrsa.

Le déanaí tá Coláiste Íde tar éis páirt a ghlacadh sna Gradaim Fresh Film Festival agus an chéad áit bainte amach acu i Rannóg na Gaeilge in 2017.

Gradaim Cré-umha Gaisce an Uachtaráin; tógann sé 26 seachtaine Gradam cré-umha Gaisce a chur i gcrích. Baineann forbairt ar scileanna pearsanta leis an bpróiseas, mar aon le rannpháirtíocht sa phobal, caitheamh aimsire fisiciúil agus turas taiscéalaíochta nó turas spaisteoireachta. Tugann scileanna pearsanta deis do scoláirí forbairt a dhéanamh ar scil nua nó ar shuimeanna ag glacadh páirt i sport nua, ag foghlaim scil, nó uirlis cheoil.

Díríonn rannpháirtíocht sa phobal ar dhifríocht a dhéanamh i saol dhaoine eile; tugtar faoi ghníomhaíochtaí ar nós cuairt a thabhairt ar shean-thuismitheoirí nó ar chomharsana aosta. Bíonn tú níos láidre go fisiciúil ag caitheamh aimsire fisiciúil agus feabhasaíonn do chuid aclaíochta. Soláthraíonn Coláiste Íde réimse leathan caitheamh aimsire fisiciúil, mar shampla: cispheil, rugbaí, rith, snámh agus, tonnmharcaíocht. Bíonn turasanna taiscéalaíochta ar siúl ar muir agus ar tír. Siúlann scoláirí an bealach siúlóide álainn Slí Chorca Dhuibhne, atá timpeall 25 ciliméadar. Fanann scoláirí i mbrú féinfhreastail thar oíche agus caitheann siad béile a ullmhú dóibh féin. Déantar féitheoireacht ar seo. Ócáid thaitneamhach í seo a mbaineann na scoláirí taitneamh aisti.

Cúrsa i dTeacht Phoiblí ar an Dlí; lá amháin do dhian-theagasc atá i gceist leis an gcúrsa. Tugann scoláirí a dhéanann cúrsa dlí, cuairt freisin ar na Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath chun an córas dlí a fheiceáil ag obair i gcásanna cearta.

Teanga agus Cultúr na Síne; Foghlaimíonn scoláirí idirbhliana Mandairínis bunúsach, i gcomhar le hInstitiúid Confúicias Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Déanann scoláirí cúrsa 10 n-uair an chloig i gcultúr agus i dteanga na Síne. Bronntar teastas ó Institiúid Confúicias Choláiste na hOllscoile, Corcaigh ar scoláirí ar chríochnú an chúrsa dóibh.

Anailís Guaise agus pointí rialúcháin criticiúla (HACCP); i gcomhar le Scoil Chócaireachta an Daingin, tá an cúrsa seo deartha chun eolas a chur ar fáil do rannpháirtithe maidir le sábháilteacht bia agus ábhar a bhaineann le glaineacht agus ta sé bunaithe ar an gcritéir HACCP atá curtha le chéile ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Bronann Cumann Sláinte Timpeallachta na Éireann teastas ar scoláirí.

Ceachtanna Tiomána agus Sábháilteacht ar Bhóithre; Iniata sa chúrsa seo tá Léacht ar Shábháilteacht Bóithre, ullmhúchán don scrúdú teoirice, scrúdú teoirice an tiománaí, cead foghlaimeora agus 3 rang tiomána uair an chloig atá ceadaithe faoi threoraí tiomána de chuid an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Nuair a chuirtear seo san áireamh, feidhmíonn sé mar chuid den riachtanas iomlán a bhaineann le dul faoi scrúdú tiomána.

Gnáth-lá seachtaine i gColáiste Íde

07.50	Rolla
08.00	Bricfeast
08.30	Tionól
08.45:	Tús le ranganna – dhá rang x 60 nóiméad do gach rang
10.45:	Briseadh na maidine
11.00:	Ranganna arís – 2 rang x 60 nóiméad do gach rang
13.00:	Lón do gach scoláire
13.30:	Am saor do gach scoláire. Cruinnithe ranga gach Luan. Siopa na scoile gach Máirt agus Déardaoin. Cleachtadh cóir don gcéad agus cúigiú bliain gach Céadaoin.
14.00:	Dhá rang x 60 nóiméad do gach rang
16.00:	Briseadh iarnóna. Tosnaíonn an clár breis-churaclaim agus am saor do gach scoláire.
17.25:	Staidéar ar a ndéantar féitheoireacht
19.00:	Béile tráthnóna
19.30:	Staidéar ar a ndéantar féitheoireacht
20.00:	Críoch le staidéar bhliain 1. Am saor don chéad bhliain, cith, glanadh seomraí leapan agus am spraoi.
21.00:	Críoch le staidéar
22.10:	Tugtar ar láimh gutháin phóca
22.20:	Múchtar na soilse

Gnáth-dheireadh seachtaine i gColáiste Íde

10.00:	Dúisithe
10.30:	Bricfeasta
11.00:	Staidéar ar a ndéantar féitheoireacht
13.00:	Dinnéar
14.00:	Gníomhaíochtaí agus turasanna ar a ndéantar féitheoireacht
18.00:	Staidéar ar a ndéantar féitheoireacht
19.00:	Béile tráthnóna
19.30:	Staidéar ar a ndéantar féitheoireacht/Am léitheoireachta
20.00:	Críoch le staidéar Bhliain a 1
21.00:	Críoch le staidéar ar a ndéantar féitheoireacht
21.30:	Oíche scannán
22.30:	Oíche scannán na sinsear

SEOMRAÍ CAIDRIMH

Amharclann Íde

Seo an príomh-áit caitheamh aimsire do scoláirí chun teacht le chéile agus a scíth a ligint um thráthnóna. Bíonn sé oscailte do gach scoláire ón gcéad go dtí an séú bliain tar éis scoile, um thráthnóna agus i rith an deireadh seachtaine agus tá sé suite trasna ó shuanliosanna na scoláirí sóisireach. Tá roinnt ríomhairí glúine in Amharclann Íde mar aon le háiseanna pictiúrlainne. Is féidir le scoláirí an áit seo a úsáid chun a ngutháin a lochtú thar oíche más gá. Is minic ranganna agus aoíchainteoirí anseo i rith an lá scoile.

Seomra na Sinsir (seomra caidrimh na 6ú bliana)

Tá seomra caidrimh ag an 6ú bliain trasna óna gcuid suanliosanna. Do scoláirí 6ú bliana amháin an seomra, chun cabhrú leo a scíth a ligint, greim bia a ithe agus faire ar an teilifís.

An Leabharlann

Lonnaithe sa scoil ta leabharlann ina bhfuil réimse leathan leabhair le léamh. Tá An Leabharlann oscailte go rialta do gach scoláire agus ligeann sé dóibh spás a bheith acu chun léitheoireachta i dtimpeallacht shuaimhneach. Achmhainn iontach is ea an Leabharlann freisin chun cabhrú leis na scoláirí ina gcuid obair scoile agus sa scríbhneoireacht chruthaitheach. Bíonn club leabhar ar siúl gach Sathran, áit a dtagann scoláirí a bhfuil leabhar léite acu an tseachtain roimh ré le chéile chun plé a dhéanamh ar ábhar an leabhair. Is féidir le gach scoláire a bheith páirteach sa chlub leabhair.

Suanliosanna

Codlaíonn bliain a 1, 2 & 3 i suanliosanna de ghnáth, mar a bhfuil cillíní suanleasa indibhidiúla, a bhfuil leaba 3 throigh iontu, deasc staidéir, cóifrín cois leapan, doirteal, scáthán agus vardrús le glas. Tá seomraí dúbailte/ tríaracha ar fáil do dheirfiúracha ar iarratas. Codlaíonn bliain a 5 & 6 i suanliosanna níos oscailte, de ghnáth, ach tá fáil ar chillín suanleasa d'aon scoláire le codladh ann más mian leo ar iarratas ón leasbhainisteoir. Cheart an limistéir codlata a choimeád glan, néata i gcónaí. Tá vardrús le glas ar fáil do gach scoláire. Tá solas léitheoireachta i ngach suanlios agus is féidir úsáid a bhaint as nuair a múchtar na soilse gach oíche. Toisc gurb é seo spás pearsanta gach scoláire, spreagtar iad chun an spás a mhaisiú le hearraí pearsanta chun cuma an bhaile a chur ar an spás.

Seomra Bia

Itheann gach scoláire le chéile sa seomra bia. Tugtar amach áiteanna ag na boird roimh ré agus suíonn scoláirí ó ranganna éagsúla in aice le chéile. Tá seo deartha chun deis a thabhairt do scoláirí aithne a chur ar a chéile. Tá cinnire ag gach bord. Moltar go mór do scoláirí caidreamh a bheith acu le chéile agus béilte á n-ithe acu ag na boird. Spreagtar scoláirí chun aiste bia sláintiúil a bheith acu. Tá béilte éagsúla ar nós sailéid agus pasta ar fáil le linn gach béile mar bhreis nó mar rogha eile más mian leis an scoláire. Tá spás beag ar leith ag gach scoláire agus fáil acu ar chuisneoir chun an bia is ansa leo ón mbaile a choimeád ann. Cheart bia a choimeádtar sa spás beag a dhúnadh le séala nó a chur i soitheach plaisteach agus cheart an spás beag a bheith néata, glan i gcónaí. Bítear ag súil le dea-iompar agus béasa ar ardchaighdeán i gcónaí ó gach scoláire i gColáiste Íde agus cuirtear béim ar leith ar seo sa seomra bia. Cinntíonn an caighdeán seo go bhfuil gach scoláire compordach agus ullmhaíonn sé scoláirí don todhchaí nuair a bheidh siad ag freastal ar oideachas tríú leibhéal agus as sin go dtí timpeallacht oibre proifisiúnta. Freastlaíonn Coláiste Íde ar gach riachtanas cothaithe. Cheart don tuismitheoir/caomhnóir riachtanais cothaithe speisialta a chur in iúl don rúnaí i scríbhinn roimh ré agus cheart do thuismitheoirí an t-eolas a leasú i rith na bliana más gá.

Airgead Póca

Is féidir airgead póca na scoláirí cónaithe a chur i dtaisce leis an Déin Chónaithe más mian. Is féidir airgead a thógaint amach gach lá agus coimeádann an fhoireann cuntas ar lóisteála agus aistarraingtí. Toisc go bhfreastlaítear ar fhormhór riachtanais uile na scoláirí i gColáiste Íde is maith beagán airgead póca seachas gnáth-chostais taistil i rith dheireadh seachtaine saor na scoláirí cónaithe.

Seirbhís Níocháin

Cuireann Coláiste Íde seirbhís níocháin ar fáil do scoláirí ar mian leo úsáid a bhaint aisti. Bailítear nithe le ní maidin Dé Luain agus tugtar ar ais iad san iarnóin Dé Céadaoin. Cuirtear málaí níocháin speisialta ar fáil sa Choláiste. Éadaí amháin a nglacfar leo. Cheart earraí níos mó cosúil le héadaí leapan a thabhairt abhaile nuair atá deireadh seachtaine saor ag na scoláirí cónaitheacha. Cheart íoc as an seirbhís níocháin ar an suíomh gréasáin colaisteide.com.

Gutháin phóca

Tá polasaí gutháin póca Choláiste Íde curtha in oiriúint chun éascaíocht a dhéanamh ar úsáid shábháilte a bhaint as ghutháin phóca sa Choláiste ar mhaithe le sábháilteacht agus leas gach scoláire faoinár gcúram agus chun a chinntiú go bhfuil gach scoláire ag fáil codladh maith is t'oíche agus chun



eachtraí bullaíochta teachtaireachtaí téacs/gutháin a sheachaint. Cuireann an polasaí seo dóthain ama ar fáil chun teagmháil laethúil a dhéanamh leis an mbaile agus le cairde, agus ag an am céanna, ag cinntiú go mbíonn scoláirí páirteach i saol pobail an Choláiste. Tá an guthán sa choláiste ar fáil do gach scoláire aon am agus tá fáilte roimh thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an gcoláiste aon am ag an uimhir 066 915 1211 idir 9.00a.m.–5.00 i.n. agus ar 086 7833806 idir 5.00i.n - 9.00a.m. Tá cead úsáid a bhaint as iPad agus iPod le cead na dtuismitheoirí.

Bíonn cead gutháin phóca a úsáid le linn na n-amanta seo;

- Idir 7.45a.m. & 8.00a.m. gach maidn.
- Idir 9.00i.n. & 10.00i.n.
- Idir 4.00i.n. - 5.20i.n gach Máirt agus Aoine
- I rith am caitheamh aimsire ag an deireadh seachtaine

Íocaíocht Táillí

Ba chóir táillí agus íocaíochtaí breise a íoc trínar suíomh gréasáin www.colaisteide.com. Tá dhá chuid san íocaíocht, Íocaíochtaí Chónaitheacha agus Íocaíochtaí Scoile. Ba chóir an dá rannóg a sheiceáil maidir le híocaíochtaí dlite. Ba cheart ainm an scoláire a úsáid mar thagairt i gcónaí. Tugtar adhmháil ar gach íocaíocht.

Deontas Cónaitheach do Cheantair Iargúlta

Faoin Scéim Deontais Chónaitheach do Cheantair Iargúlta, soláthraítear íocaíochtaí deontais do scoláirí a bhfuil gnáthchónaí orthu taobh amuigh den mbealach seirbhís iompair phoiblí a fhreastlaíonn ar scoil a chuireann oideachas dara leibhéal saor in aisce ar fáil.

Sí feidhm na scéime ná deis a thabhairt do scoláirí a bhfuil míbhuntáiste oideachasúil orthu mar gheall ar cé chomh iargúlta is atá siad, freastal ar scoil ar an mbunús céanna le scoláirí eile nach bhfuil faoi mhíbhuntáiste thíreolaíochta. D'fhéadfadh scoláirí a bhfuil cónaí orthu ar oileain amach ón gcósta, agus nach bhfuil scoileanna in aice leo ag soláthar oideachas dara leibhéal saor in aisce cáiliú do chabhair don scéim seo freisin. Do scoláirí atá ag éileamh oideachas trí Ghaeilge, beidh an critéir thuas i gceist maidir leis an meánscoil Ghaeilge is cóngaraí. Ní bheidh na roghanna curaclaim a chuireann scoil (leis an idirbhliain san áireamh nó gan) taobh istigh de 25 ciliméadar de ghnáth-áitchónaithe an iarratasóra san áireamh sa chinneadh a tógtar ó thaobh intofacht an iarratasóra a bheith i dteideal deontais. Ní shároidh an t-uasmhéid deontais a íocfar faoin scéim ó thús na scoilbhliana €4,947 don dalta don mbliain. Tá an deontas iníoctha tar éis gach téarma scoile chuig an scoil nó an tuismitheoir/caomhnóir, pé acu is oiriúnaí, faoi réir promhadh ón scoil go bhfuil an scoláire tar éis freastal lánaimseartha a dhéanamh le linn na tréimhse atá i gceist agus go bhfuil ráiteas den táille cothbhála bliantúil do na táillí cónaitheacha nó lóisteála, pé acu atá cuí, curtha ar fáil. Cheart iarratais do leanaí a bheidh ag tosnú i Meán Fómhair na scoilbhliana a sheoladh isteach ar nó roimh 30 Aibreán na bliana sin mar níl aon gheallúint ann go bpróiseálfar iarratais a gheofar ina dhiaidh seo roimh Mheán Fómhair. Cheart iarratais a sheoladh chuig Roinn na Scoileanna, Deontas Chónaitheach do Cheantair Iargúlta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, An Iarmhí.

Rollú & Teagmháil

Go raibh maith agat as ár réamheolaire a léamh agus tá súil againn go bhfuair tú eolas agus cabhair ann. Cén fáth nach dtiocfá ar cuairt chugainn agus an saol i gColáiste Íde a fheiceáil duit féin. Bíonn dhá thréimhse de laethanta oscailte againn in imeacht na bliana, dhá lá ag tús Dheireadh Fómhair agus lá amháin i dtús Mhárta.

Fáiltímid roimh thuismitheoirí agus scoláirí gach am den bhliain ach coinne a dhéanamh roimh ré. Tá sé an-chuiditheach cuairt a thabhairt ar Choláiste Íde nuair atá ár gcuid scoláirí ar an láthair mar faigheann tú blaise den saol laethúil agus níonn ár bhfoireann agus ár scoláirí ar fáil i gcónaí chun ceisteanna fhreagairt agus chun cúnamh a thabhairt i ngach slí.

Is féidir teacht orainn trínár suíomh gréasáin nó trí ríomhphost a chur chuig **info@colaisteide.com** nó trí ghlaoch ar **+353 66 915 1211.**

Coláiste Íde

Meanscoil Chónaithe Lán Ghaelach do Chailíní

Coláiste Íde, Baile an Ghoilín, An Daingean, Co. Chiarraí, Éire.
Teileafón: 066 9151211 | Ríomhphost: info@colaisteide.com
www.colaisteide.com